C/2024/3940

18.6.2024

Fógra arna dhíriú ar an duine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2010/231/CBES ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2024/1729 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) Uimh. 356/2010 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1724 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSomáil

(C/2024/3940)

Dírítear an fhaisnéis seo a leanas ar an duine a luaitear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/231/CBES ([1]), arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2024/1729 ([2]), agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 356/2010 ([3]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1724 ([4]), a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSomáil.

An 21 Bealtaine 2024, d'fhormheas Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, arna bhunú de bhun Rún 751 (1992) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, duine amháin a chur le liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha.

Féadfaidh an duine lena mbaineann, iarraidh tráth ar bith ar athbhreithniú an chinnidh, é a áireamh ar liosta na Náisiún Aontaithe, mar aon le haon doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid Choiste na Náisiún Aontaithe arna bhunú de bhun Rún 751 (1992). Ba cheart gach iarraidh den chineál sin a sheoladh chuig an seoladh seo a leanas:

Focal Point for De-listing [Pointe Fócais le haghaidh Díliostú]
Security Council Subsidiary Organs Branch [An Brainse Fochuideachta de chuid na Comhairle Slándála]
Room DC2 2034 [Seomra DC2 2034]
United Nations [Náisiúin Aontaithe]
New York, N.Y. [Nua Eabhrac, N.Y.] 10017
United States of America [Stáit Aontaithe Mheiriceá]
Teil.: +1 917 367 9448
Facs: +1 212 963 1300
Ríomhphost: delisting@un.org

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach: https://www.un.org/securitycouncil/sanctions/delisting/delisting-requests

De dhroim an chinnidh ó na Náisiún Aontaithe, tá Comhairle an Aontais Eorpaigh tar éis a chinneadh gur cheart an duine atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe a áireamh ar liostaí na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2010/231/CBES agus i Rialachán (AE) Uimh. 356/2010. Is san iontráil ábhartha san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh ón gComhairle agus in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán ón gComhairle atá na forais chun an duine lena mbaineann a liostú.

Tugtar d'aire an duine lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear ar na suímh ghréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 356/2010 ón gComhairle, d'fhonn údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 5 den Rialachán).

Féadfaidh an duine lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh é a áireamh ar na liostaí thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle. Ba cheart gach iarraidh den chineál sin a sheoladh chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
Ardrúnaíocht
RELEX.1 Gnóthaí Cothrománacha agus Domhanda
Rue de la Loi 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË/AN BHEILG
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Tugtar d'aire an duine lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 275, agus sa cheathrú agus sa séú mír d'Airteagal 263, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 105, 27.4.2010, lch. 17.
([2]) IO L, 2024/1729, 17.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/1729/oj.
([3]) IO L 105, 27.4.2010, lch. 1.
([4]) IO L, 2024/1724, 17.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1724/oj.